C/2025/2123

7.4.2025

**Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2025/2123)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

**‘Muránske buchty’**

**Uimh. AE: PGI-SK-03206 – 15.3.2024**

**ATFC () TGFC (X)**

1. **Ainm an TGFC**

‘Muránske buchty’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an tSlóvaic

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an táirge bia**

3.1. *Cód AC*

— 19 – ULLMHÓIDÍ GRÁNACH, PLÚIR, STÁIRSE NÓ BAINNE; TÁIRGÍ CÓCAIRÍ TAOSRÁIN

1905 – Arán, taosrán, cácaí, brioscaí agus táirgí eile báicéirí, bíodh cócó iontu nó ná bíodh; abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá oiriúnach d’úsáid chógaisíochta, sliseoga séalaithe, ríspháipéar agus táirgí comhchosúla

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is rollaí líonta iad ‘Muránske buchty’ atá cosúil le fillteáin nó putha, a dhéantar le taos laibhínithe a srathaíodh le margairín arís agus arís eile. D’fhéadfadh *pluma, gruth, síolta poipín, cnó, sú talún, fraochán nó silín searbh, úll agus cainéal*, nó *seacláid agus cnó coill* a bheith sa líonadh. Seasann ‘Muránske buchty’ amach mar gheall ar struchtúr an taois a thagann as a chéile ina ‘dhuilleoga’ calógacha, cruth ‘clúdaithe’ an rolla agus meáchan an táirge chríochnaithe — go háirithe meáchan an líonta, arb é an chuid is mó de mheáchan an táirge chríochnaithe.

Saintréithe

Cuma: Rollaí ar chruth cearnach agus taobhanna 10-14 cm orthu.

Dath: bácáilte go hórga

Dea-bholadh: dea-bholadh fíneálta laibhín agus dea-bholadh an líonta.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Blas: meascán de na comhábhair aonair atá láidir ach a bhfuil éadroime ag baint leis san am céanna, chomh maith le margairín agus blas ar saintréith don líonadh é.

Raimhre: taos bog atá dlúth agus mín ar an taobh istigh, agus uigeacht bhog dhuilleach aige; tais, gan a bheith triomaithe amach

Meáchan an taois amh chun rolla a ullmhú: 120 – 140 g

Meáchan an líonta: 85 – 100 g

Úsáidtear ubh-albaimin úr nó ubh-albaimin leachtach chun gach rolla a bhratú. Tar éis bácála agus fuaraithe, croitear siúcra reoáin ar na rollaí.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Níl aon srian ar thionscnamh na n-amhábhar.

3.4. *Céimeanna táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar an próiseas táirgthe sna céimeanna seo a leanas:

— an taos a ullmhú de láimh agus ligean dó ardú;

— an taos a roinnt ina bhuilíní;

— builíní a rolladh, srathú le margairín, filleadh, ardú;

— na builíní a rolladh agus an taos a roinnt ina chearnóga, iad a líonadh;

— foirmiú na rollaí;

— na rollaí a bhratú le hubh-albaimin nó hubh-albaimin leachtach, ardú;

— bácáil.

Tar éis bácála scartar óna chéile iad ar an stán agus, nuair a fhuaraítear iad, croitear siúcra reoáin orthu.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é an limistéar geografach bardasacht Muráň. Tá bardasacht Muráň suite sa chuid lárnach d'Ardchlár Muráň, i gCeantar Revúca laistigh de Réigiún Banská Bystrica.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch bunaithe ar shaineolas na dtáirgeoirí sa limistéar geografach, ar cháil 'Muránske buchty' agus ar stair agus traidisiúin an réigiúin.

Níl aon taifead ann maidir leis an dáta beacht a bácáladh 'Muránske buchty' den chéad uair. De réir traidisiúin bhéil, téann a mbunús siar go dtí na 1960idí. Arsa Roman Goldschmidt in agallamh le Matej Kováč le haghaidh rannóg na Nuachta Réigiúnaí ar shuíomh Gréasáin rimava.sk, dar dáta an 9 Márta 2019: 'I gcaitheamh na mblianta, chuir seanmháithreacha i mbardasacht Muráň an t-oideas ar aghaidh ó ghlúin go glúin.' Rinneadh rollaí a bhácáil i gceaintín agus i dteach tábhairne an Koruna (an Reštaurácia a Jedáleň a bhíodh ann roimhe) áit a ndíoltaí an speisialtacht áitiúil sin chomh maith.

I measc na chéad daoine a bhácáil na rollaí bhí Magdaléna Balážiková, Gizela Barilová, Mária Fabová agus Mária Sklenáriková. Ansin thosaigh Hildegarda Nemogová, Magdaléna Bábeľová agus Erika Štefanková ó Muránska Dlhá Lúka, agus daoine eile, ag díol na rollaí ag siopa Lahôdky. Tháirg siad agus dhíol siad na rollaí ar feadh níos mó ná 40 bliain, agus ina dhiaidh sin bhí sos gairid ann ó 2014 go dtí Meán Fómhair 2017, nuair a d'ardaigh boladh blasta 'Muránske buchty' os cionn chearnóg an bhaile.

Gné shonrach de tháirgeadh 'Muránske buchty' is ea an tréimhse fhada — idir 3 agus 4 uair an chloig — a thógtar chun an taos a ullmhú. Caithfear an taos a fhágáil ag ardú dhá uair roimh líonadh agus an tríú huair roimh bhácáil. Is de láimh amháin a ullmhaítear an taos a úsáidtear chun 'Muránske buchty' a dhéanamh.

Nuair a dhéantar an taos a fhilleadh agus a rolladh arís agus arís eile agus é a shrathú le margairín, éiríonn an taos 'duilleach' tar éis bácála; tá sé dlúth agus mín agus tá uigeacht bhreá aige. Is é an líonadh an chuid is mó de mheáchan an táirge chríochnaithe. Déantar na rollaí a 'fhilleadh' ar bhealach sonrach: déantar trí choirnéal a fhilleadh ina gceann agus ina gceann ó lár na cearnóige os cionn an líonta, agus tarraingítear an ceathrú cúinne thairis agus síos faoin rolla nach mór chun é a chlúdach nó a 'thimfhilleadh', rud a áirithíonn nach dtriomaíonn an taos ná an líonadh amach ach go bhfanann sé bog, tais agus mín. Trí na rollaí a bhratú le hubh-albaimin leachtach seachas le hubh iomlán áirithítear go bhfuil an taos taosráin dea-bhácáilte agus go bhfuil dath órga air. Mar a dúirt Ľubo Fronko i dtuarascáil le haghaidh an chainéil teilifíse *Markíza* an 31 Bealtaine 2021: 'Is féidir leis an tSlóvaic ar fad a bheith bródúil as Muránske buchty.'

Ar dtús, úsáideadh amhábhair ó fhoinsí tí chun na rollaí a tháirgeadh, toisc go raibh siad sin ar fáil agus go bhféadfaí iad a phróiseáil; bhí sin i gceist leis na líonta go háirithe. Sa lá atá inniu ann tá an bhéim ar an mbealach ar leith a ullmhaítear an taos (de láimh amháin, é á fhágáil chun ardú agus é á shrathú le margairín arís agus arís eile) agus ar an mbealach a mhúnlaítear é trína 'fhilleadh' ina rollaí. Is maith a oireann blas sainiúil an táirge do na líonta ar a bhfuil an blas milis.

Forbraíodh scil agus deaslámhacht daoine ón limistéar geografach sainithe agus 'Muránske buchty' á tháirgeadh acu ar bhonn an eolais agus na taithí a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin, rud a léirítear i gcáilíocht an táirge deiridh. An laibhín agus an taos a ullmhú de láimh, é fillte uaireanta go leor, é fágtha chun ardú faoi thrí, é srathaithe le margairín agus é múnlaithe ina rollaí, fágann sin go bhfuil struchtúr, méid agus cruth taos ar leith ag 'Muránske buchty', agus boladh agus blas saintréitheach air.

Mar gheall ar cháilíochtaí an táirge, a eascraíonn as é a ullmhú de láimh, as líon na líonta agus as an mbealach ina mbácáiltear é, bíonn an-tóir agus an-éileamh air. Tugann eagraithe imeachtaí agus taispeántas bia cuireadh do na táirgeoirí ionas gur féidir leo ullmhúchán barántúil thaos agus líonadh an táirge agus an chaoi ina mbácáiltear é a léiriú le linn a gcuid imeachtaí. Is éard a dúirt Méara Muráň, Roman Goldschmidt, leis an suíomh gréasáin vobraze.sk: 'Is léir do gach duine a bhaineann plaic as ceann de na rollaí nach mbíonn siad sprionlaithe faoin líonadh. Tugadh trádmharc dóibh i mí Eanáir 2018 mar aitheantas ar a stádas mar speisialtacht áitiúil.'

Tá ullmhú agus táirgeadh 'Muránske buchty' bunaithe ar oidis stairiúla, tarlaíonn sé sa limistéar geografach sainithe agus tá nasc stairiúil aige leis an limistéar sin.

Tagann an t-ainm 'Muránske buchty' ó ainm an tsráidbhaile Muráň, a bhfuil baint stairiúil aige le bácáil na rollaí. Sa dara leath den chéad seo caite, tosaíodh ar úsáid a bhaint as an ainm geografach chun idirdhealú a dhéanamh idir táirge ardcháilíochta sonrach atá ina shaintréith de Muráň agus táirgí eile den chineál céanna, agus leantar den úsáid sin sa lá atá inniu ann.

Fianaise ar cháil agus ar thraidisiún 300 bliain 'Muránske buchty' is ea an deimhniú a bronnadh orthu in 2018 chun an lipéad 'táirge réigiúnach GEMER-MALHONT' a úsáid, mar tháirge réigiúnach uathúil a dhéantar le modhanna traidisiúnta, a lán díobh de láimh.

Coinníodh cáil thraidisiúnta 'Muránske buchty' i gcaitheamh na mblianta agus tá sí fós ann, mar is léir ó thagairtí dóibh i nuachtáin réigiúnacha. Seo a leanas roinnt samplaí: rinneadh anailís in eagrán mhí na Bealtaine 2024 den nuachtán *Muránske noviny* ar an gcaoi ar éirigh le 'Muránske buchty' ó bhí 2020 ann. Tuairiscíodh go bhfuil níos mó ná a dhá oiread den táirgeadh ann le 3 bliana anuas.

Bhí déanamh 'Muránske buchty' le feiceáil freisin i gcraoladh an chláir teilifíse Slóvacaigh (RTVS) an 3 Feabhra 2024 *Farmárska revue* — clár irise do ghairneoirí ar mionscála agus d'fheirmeoirí araon, chomh maith le saothróirí agus póraitheoirí.

Bíonn 'Muránske buchty' mar chuid d'imeachtaí réigiúnacha amhail *Veľkonočný jarmok* (Aonach na Cásca) in Lučenec. Le roinnt blianta anuas tá siad mar chuid d'imeacht *Otváranie Bánoša* [Bánoš a Oscailt], arna eagrú ag gairmmheánscoil i gcomhar le comhpháirtíocht tuaithe Réigiún Banská Bystrica, cumann sibhialta 'Blas Traidisiúnta Réigiúin na Slóvaice', agus cathair Banská Bystrica. Is féidir iad a fháil gach bliain freisin ag imeacht *Mitrovanie* (Féile San Déiméitéir) in Veľké Teriakovce arb é clabhsúr shéasúr na haoireachta é, agus ag imeacht *Ródeo Muráň* (Róidió Muráň) in Muráň.

Cuirtear 'Muránske buchty' i láthair ag taispeántais agus bíonn sé mar chuid den lónadóireacht a bhíonn ar fáil ag na himeachtaí sin freisin. Bhí siad mar chuid den 364ú heagrán d'imeacht mór le rá *Radvanský jarmok* (Aonach Radvaň) in Banská Bystrica i mí Mheán Fómhair 2022, inar cuireadh limistéar ar leith i leataobh do tháirgí atá cláraithe cheana féin le tásca geografacha, agus dóibh siúd nár cláraíodh go fóill; thug na Slóvacaigh cuairt ar an limistéar sin, ach go háirithe turasóirí ón gcoigríoch ar spéis leo traidisiúin agus táirgí traidisiúnta a chaomhnú.

Tá 'Muránske buchty' ionadaíoch ar speisialtachtaí agus traidisiúin chócaireachta na Slóvaice.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://www.indprop.gov.sk/swift_data/source/2023/CHOP_CHZO/specifikacia/Muranske_buchty.docx